Imdhíonadh do leanaí

sa chéad bhliain den saol s'acu

Irish translation of ***Immunisation for babies in the first year of life***

Imdhíonadh
cosain do leanbh ar feadh a shaoil

Eolas istigh ar vacsaín nua
le haghaidh leanaí
atá 2, 3 agus 4 mhí d'aois

Intreoir

Is le haghaidh tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu atá faoi bhliain d'aois an treoir seo. Tugann sé eolas mar gheall ar na gnáthimdhíonta a thugtar do leanaí chun iad a chosaint ar aicídí tromchúiseacha óige. Déantar cur síos ar na haicídí agus mínítear cén fáth gur gá leanaí a chosaint orthu.

Tugann sé cur síos ach go háirithe ar vacsaín nua, ar a dtugtar DTaP/IPV/Hib, a tugadh isteach i 2004 ar mhaithe le do leanbh a chosaint ar dhiftéire, ar theiteanas, ar pertussis, ar pholaimiailíteas agus ar Hib. Is iad seo na haicídí céanna ar tugadh imdhíonadh do leanaí mar chosaint orthu i gcónaí, ach is dóigh nua níos fearr í an vacsaín seo leis sin a dhéanamh.

"Is iad **uisce glan** agus **vacsaíní** an dá ionchur is mó tionchair ar shláinte an domhain."

An tEagras Domhanda Sláinte

Cad é an rud é imdhíonadh?

Is é an t-imdhíonadh an dóigh is fearr agus is sábháilte lena chinntiú nach n-éiríonn do leanbh tinn de dheasca aicídí ionfhabhtacha éagsúla. Tugtar instealltaí a dtugtar vacsaíní orthu do leanaí a spreagann a gcorp le hantashubstaintí a tháirgeadh. Is iad na hantashubstaintí córas nadúrtha cosanta an choirp ar aicídí ionfhabhtacha. Cuidíonn an t-imdhíonadh leis an chorp a choinneáil réidh le dul chun troda leis an ionfhabhtú dá dtiocfadh an leanbh i dteagmháil leis an aicíd.

Cén fáth a bhfuil an t-imdhíonadh de dhíth orainn?

Faigheann breis agus 14 milliún duine bás ar fud na cruinne de dheasca aicídí ionfhabhtacha. Is annamh ar fad go mbíonn cásanna de bhunús na n-aicídí seo anois i dTuaisceart Éireann agus seans nár chuala tú mórán mar gheall orthu. Is é an fáth a bhfuil siad chomh neamhchoitianta anois go bhfuil an-ghlacadh le vacsaíní anseo agus go bhfuil na vacsaíní féin thar a bheith éifeachtach mar chosc ar na haicídí. Ach tá na haicídí seo ar fáil go forleathan in áiteanna eile ar fud an domhain agus de réir mar a théann an taisteal go tíortha eachtrannacha i méid is mó an seans go dtabharfaí ar ais go Tuaisceart Éireann iad is go rachfadh siad i bhfeidhm ar leanaí ar bith nár tugadh na vacsaíní dóibh.

Tá sé tábhachtach nach ndéanaimid dearmad go díreach a thromchúisí agus atá na haicídí seo. Leanaí óga is mó atá i mbaol ag na hionfhabhtuithe seo, agus is é sin an fáth gur gá iad a chosaint chomh luath agus is féidir. Ní mór roinnt instealltaí a bheith aige sula mbíonn cosaint iomlán ag do leanbhán, mar sin de tá sé tábhachtach go mbíonn siad uile aige. Má chailleann do leanbh aon cheann de na hinstealltaí seo, is féidir leis iad a bheith aige ina dhiaidh sin mar sin féin fiú má tá achair mhór ama imithe thairis. Níl le déanamh agat ach iarr ar do dhochtúir nó ar do chuairteoir sláinte an dáileog nach bhfuair sé a shocrú. Ní gá dó tosnú ag tús an chúrsa athuair.

Tá roinnt aicídí ann gur measa a dtionchar ar leanaí atá níos sine - mar sin de tá sé tábhachtach go dtugtar teanndáileoga dóibh.

Má tá ceisteanna ar bith agat maidir le himdhíontaí, labhair le do dhochtúir, le do bhanaltra cleachtais nó le do chuairteoir sláinte. Chomh maith leis sin is féidir leat cuairt a thabhairt ar: www.immunisation.nhs.uk nó www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó www.mmrthefacts.nhs.uk

Na vacsaíní le haghaidh leanaí

An vacsaín DTaP/IPV/Hib

Déanann an vacsaín nua seo an leanbh a chosaint ar dhiftéire (D), ar theiteanas (T), agus ar thriuch (P; pertussis), ar pholaimiailíteas (vacsaín neamhghníomhaithe pholaimiailítis - IPV) agus *Haemophilus influenzae* saghas b (Hib). Tugtar cuid an pholaimiailítis san instealladh céanna agus ní sa bhéal mar a rinneadh.

Ba chóir do do leanbh an vacsaín DTaP/IPV/Hib a bheith aige agus é dhá, trí agus ceithre mhí d'aois.

Tabharfar teanndáileog i gcoinne diftéire, teiteanais, treacha agus polaimiailítis do do leanbh sula dtosaíonn sé ar scoil. Gheobhaidh sé teanndáileog eile i gcoinne teiteanais, diftéire agus polaimiailítis agus é idir 14 agus 18 bliain d'aois.

Cad chuige a bhfuil an t-athrú á dhéanamh anois?

De réir mar a glanadh an polaimiailíteas ar shiúl i gceantracha móra ar fud an domhain de thairbhe an chláir imdhíonta dhomhanda is lú i bhfad an baol go dtabharfar infhabhtú polaimiailítis isteach sa Ríocht Aontaithe. Dá thairbhe seo is féidir athrú ó vacsaín bheo bhéil pholaimiailítis (OPV, a thugtar sa bhéal) a thugann cosaint níos fearr don phobal ar fad, go vacsaín dhíghníomhaithe pholaimiailítis (IPV) a thugann cosaint éifeachtach don duine aonair.

Tá vacsáin eile treacha ar fáil anois faoinar léiríodh go bhfuil sé lán chomh éifeachtach leis an vacsaín a úsáideadh roimhe seo ach nach mbíonn an oiread céanna frithghníomhartha leis.

Thosaigh m'iníon bheag ar a clár imdhíonta leis na seanvacsaíní - an féidir léi athrú anois chuig na cinn nua?

Tá na seanvacsaíní agus na cinn úra comhoiriúnach dá chéile. Beidh cosaint iomlán aici, fhad is go raibh an clár iomlán vacsaíní aici (féach an clúdach cúil).

Cad é mar atá a fhios againn go bhfuil an vacsaín nua seo sábháilte agus éifeachtach?

Ní mór an-chuid trialacha a dhéanamh ar vacsaín lena chinntiú go bhfuil sé sábháilte sula dtugtar do dhuine ar bith í. Leantar ar aghaidh leis na cinntithe seo fiú nuair a thugtar isteach an vacsaín. Ní bhaintear úsáid ach amháin as vacsaíní a n-éiríonn leo sna trialacha uile. Is féidir le fo-éifeachtaí a bheith ag cógas ar bith, ach bíonn vacsaíní ar an chuid is sábháilte acu. Léiríonn taighde ó gach cearn den domhan gurb é an t-imdhíonadh an dóigh is fearr le sláinte do linbh a chosaint. Féach thíos, leathanach 6 chun eolas breise maidir le fo-éifeachtaí a fháil.

Cad iad na haicídí a dtugann an DTaP/IPV/Hib cosaint orthu?

Diftéire

Is aicíd thromchúiseach í an diftéire ar féidir léi fadhbanna análaithe a chruthú gan mhoill. Is féidir léi damáiste a dhéanamh don chroí agus don néarchóras agus, sna cásanna is troime, is féidir leis bheith marfach. Sular tugadh an vacsaín diftéire isteach bhí suas le 1,500 cás diftéire i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Teiteanas

Is aicíd phianmhar í an teiteanas a théann i bhfeidhm ar na matáin agus is féidir leis fadhbanna análaithe a chruthú. Tarlaíonn ionfhabhtú nuair a fhaigheann frídíní sa chré agus in aoileach isteach sa chorp trí ghearradh nó dó craicinn. Téann teiteanas i bhfeidhm ar an néarchóras lárnach agus is féidir leis bheith marfach.

Pertussis (triuch)

Is cúis é an triuch le babhtaí fada casachtaigh agus tachtaithe a chuireann crua ar an othar análú. Is féidir leis leanúint ar aghaidh suas le deich seachtaine. Is féidir leis bheith an-tromchúiseach i gcás leanaí óga agus is féidir leis leanbháin faoi bhliain d'aois a mharú fiú amháin. Sular tugadh an vacsaín treacha isteach tuairiscíodh suas le 3,500 cás den ghalar i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Polaimiailíteas

Is víreas é an polaimiailíteas a dhéanann ionsaí ar an néarchóras agus is féidir leis pairilis a chur ar na matáin. Má théann sé i bhfeidhm ar mhatáin chliabhraigh nó ar an inchinn is féidir leis an pholaimiailíteas an duine a mharú. Sular tugadh an vacsaín pholaimiailítis isteach bhí suas le 1,500 cás de phairilis pholaimiailítis i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Hib

Is ionfhabhtú é Hib ar féidir leis bheith mar chúis le roinnt mór-aicídí mar nimhiú fola, niúmóine agus meiningíteas. Is féidir na haicídí uile seo bheith marfach mura gcuirtear cóir leighis ar fáil gan mhoill. Ní dhéanann an vacsaín Hib do leanbh a chosaint ach ar shaghas amháin meiningítis (Hib). Ní thugann sé cosaint ar aon saghas eile meiningítis.

Fo-éifeachtaí an vacsaín DTaP/IPV/Hib

Ní bheidh fo-éifeachtaí ar bith aige ar bhunús na leanaí, ach bíonn na leanaí uile éagsúil óna chéile. Is féidir le cuid dena fo-éifeachtaí seo a leanas a bheith ag do leanbhán, agus bíonn siad éadrom de ghnáth.

- Cancracht suas go 48 uair i ndiaidh dóibh an t-instealladh a bheith acu;
- fiabhras éadrom (féach leathanach 9);
- cnapán beag ag láthair an insteallta. Seans go mairfidh seo roinnt seachtainí agus imeoidh sé go mall de réir a chéile.

Má cheapann tú go raibh fo-éifeacht ar bith eile ag do leanbh de dheasca na vacsaíní DTaP/IPV/Hib agus má tá tú buartha mar gheall air labhair le do dhochtúir, le do bhanaltra nó le do chuairteoir sláinte.

Go fíorannamh is féidir go mbeadh frithghníomhú ailléirgeach mar atá gríos nó tochas ar chuid éigin nó ar an chorp ar fad. Níos annaimhe fós d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh frithghníomhú dian ann de dheasca an imdhíonta a chruthaíonn deacrachtaí análaithe don leanbh, nó fiú go dtitfeadh sé i laige. Tugtar anaifiolacht air seo. Léiríodh i staidéar ar na mallaibh go dtuairiscítear cás amháin anaifiolachta le haghaidh gach leathmhillúin imdhíonadh a thugtar. Bíodh gur féidir le frithghníomhú ailléirgeach a bheith ina chúis imní, tagann biseach gasta agus iomlán tar éis cóir leighis.

D'fhéadfadh sé tarlú go fíorannamh go dtagann taom ar leanaí lá nó dhó i ndiaidh dóibh an vacsaín DTaP/IPV/Hib a fháil. Is gnách go dtagann sé i dteannta le teocht an-ard (féach leathanach 9). Má thagann taom ar do leanbh, cuir fios ar an dochtúir láithreach bonn. Is gnách go dtagann biseach iomlán gasta ar leanaí i ndiaidh taoma. Is féidir le leanaí óga taomanna a bheith orthu in am ar bith, mar sin de ní chiallaíonn sé go mbeadh baint ag an vacsaín le taom a thagann orthu i ndiaidh vacsaínithe. Déanfaidh do dhochtúir cinneadh an féidir le do leanbh a thuilleadh dáileoga den vacsaín a bheith aige. Má dhéanann tú an t-imdhíonadh a chur siar, is féidir an baol go mbeadh taom ar do leanbh i ndiaidh dó an DTaP/IPV/Hib a mhéadú mar is annaimhe go mbíonn taomanna ar leanaí de dheasca ard-teochta sa chéad sé mhí den saol. Tá sé tábhachtach mar sin a dhéanamh cinnte de go bhfaigheann do leanbh na vacsaíní ag an aois cheart.

An vacsaín MenC

Tugann an vacsaín seo cosaint i gcoinne ionfhabhtuithe ón ghrúpa meiningeacocach C (MenC), ar saghas baictéir é ar féidir leis bheith mar chúis le meiningíteas agus seipticéime (nimhiú fola). Ní thugann an vacsaín MenC cosaint i gcoinne an mheiningítis a thagann ó bhaictéir nó ó víris eile.

Ba chóir go mbeadh an t-imdhíonadh MenC ag do leanbh agus é dhá, trí agus ceithre mhí d'aois.

Cad iad meiningíteas agus seipticéime?

Is athlasadh chlúdach na hinchinne é an meiningíteas. Is ionann seipticéime agus nimhiú fola. Thiocfadh gurb iad na frídíní céanna is cúis le meiningíteas is cúis le seipticéime. Leanaí agus daoine óga idir 15 agus 17 bliain d'aois is mó a bhíonn i mbaol tógála an mheiningítis nó seipticéime ón ghrúpa meiningeacocach C.

Cé chomh héifeachtach is atá an vacsaín MenC?

Ó tugadh an vacsaín MenC isteach tá titim thart faoi 95% i líon na leanaí faoi aon bhliain d'aois ar tháinig aicíd ghrúpa C orthu. Bíonn lánchosaint ag naonúr as gach deichniúr a luaithe is a thugtar an vacsaín seo dóibh.

Is aicídí tromchúiseacha iad an meiningíteas agus an tseipticéime araon. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn tú na comharthaí agus na siomptóim agus go mbíonn a fhios agat cad é ba chóir duit a dhéanamh má fheiceann tú iad (féach leathanach 10).

Fo-éifeachtaí an vacsaín MenC

Thiocfadh go mbeadh deargadh agus at ag do leanbh ag láthair an insteallta. Éiríodh tuairim is an leathchuid de na leanbháin a mbíonn an vacsaín acu cancrach agus thiocfadh go dtiocfadh fiabhras éadrom ar dhuine as fiche. Go fíorannamh b'fhéidir go mbeadh an vacsaín mar chúis le frithghníomhadh ailléargach (féach thall, leathanach 6).

An vacsaín MMR

Déanann an vacsaín MMR do leanbh a chosaint ar an bhruitíneach (M), an leicneach (M) agus an bhruitíneach dhearg (R; rubella).

Ba chóir go mbeadh an t-imdhíonadh MMR ag do leanbh agus é tuairim is 15 d'aois.

Gheobhaidh do leanbh teanndáileog MMR sula dtosaíonn sé ar ghabháil chun na scoile.

Cuirfear eolas chugat maidir leis an MMR agus an teanndáileog MMR go gairid sula mbíonn sé in am don leanbh na vacsaíní a fháil. Dá mba mhaith leat eolas a bheith agat roimhe sin, féach ar an suíomh www.mmrthefacts.nhs.uk nó www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó ná bíodh leisc ort ceist a chur ar do chuairteoir sláinte.

Ceisteanna a chuirtear go minic mar gheall ar an imdhíonadh

Cé chomh luath i ndiaidh dó an vacsaín a fháil ar fhéidir liom mo leanbh a thabhairt chuig an linn snámha?

Is féidir leat leanaí a thabhairt chuig an linn snámha in am ar bith, sula mbíonn agus i ndiaidh dóibh a gcuid vacsaíní a fháil. In ainneoin na gnáththuairime, ní bhíonn aon imdhíonadh de dhith ag do leanbh sula dtéann sé ag snámh.

An bhfuil dóigheanna eile ann leis an imdhíonadh a thabhairt do mo leanbh?

Níl aon dóigh ar bith eile atá éifeachtach agus cruthaithe leis an imdhíonadh a thabhairt do do leanbh. Baineadh triail as an leigheas hoiméapaiteach mar dhóigh eile chun cosaint a thabhairt i gcoinne an treacha, ach ní oibríonn sé. Molann an Council of the Faculty of Homeopathy (eagraíocht chlárithe na ndochtúirí a bhfuil cáilíocht acu san hoiméapaite) do thuismitheoirí a bpáistí a imdhíonadh leis na vacsaíní caighdeánacha.

Chuala mé go mbíonn tiaimearcal (mearcar) sna vacsaíní

Ní úsáidtear tiaimearcal a thuilleadh sna vacsaíní sa ghnáthchlár imdhíonaithe óige. Ar feadh seasca bliain baineadh úsáid as mionmhéid mearcair ar mhaithe leis na vacsaíní a choinneáil ó ghabháil ó mhaith. Le linn an ama seo ar fad ní raibh fianaise ar bith go ndearna sé dochar ar bith. Ní úsáidtear é a thuilleadh mar chuid den aidhm dhomhanda oscailteacht an duine do mhearcar ó fhoinsí inseachanta a laghdú.

An bhfuil fáthanna ar bith ann nár chóir do mo leanbh an t-imdhíonadh a fháil?

Is beag fáth atá ann nár chóir do do leanbh an t-imdhíonadh a fháil ach ba chóir duit an cuairteoir sláinte, an dochtúir nó an bhanaltra a chur ar an eolas má:

- tá teocht an-ard nó fiabhras air;
- bhain aon imdhíonadh frithghníomh trom as;
- bhí ailléirge throm aige d'aon rud;
- bhí neamhord fuilithe air;
- bhí taomanna nó trithí air;
- bhí aon chóireáil le haghaidh ailse aige;
- tá aon ghalar aige a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonta (mar shampla leoicéime, VEID nó SEIF);
- tá cógas ar bith a ghlacadh aige a imríonn tionchar ar an chóras imdhíonachta (mar shampla stéaróidí ard-dáileoige nó cóireáil a thugtar tar éis trasphlandáil orgáin nó le haghaidh ailse);
- tá aon ghalar tromchúiseach eile air.

Ní chiallaíonn sé i gcónaí sna cásanna seo nach féidir imdhíonadh a thabhairt do do leanbh ach is cuidiú é leis an dochtúir nó leis an bhanaltra an t-eolas agus iad ag roghnú na saghasanna imdhíonta is fearr a oireann do do leanbh agus más cóir dóibh aon chomhairle eile a thabhairt duit. Ní cúis í in am ar bith stair tinnis an teaghlaigh gan imdhíonadh a thabhairt do leanbhán.

Cad é a tharlaíonn má thagann teocht ard ar mo leanbh i ndiaidh an imdhíonta?

Is annamh fo-éifeachtaí ag vacsaíní, agus is gnách go mbíonn siad éadrom agus go n-imíonn siad go gasta. Seans go bhfaighfidh roinnt leanaí ardú teochta nó fiabhras (os cionn 37.5ºC) Má mhothaíonn aghaidh do leanbháin te faoi do lámh agus má bhíonn cuma dhearg nó lasta air is dócha go bhfuil fiabhras air. Is féidir leat a theocht a chinntiú le teirmiméadar.

Bíonn fiabhrais minic go leor ag leanbháin agus leanaí. Is minic ionfhabhtú mar chúis leo. Corruair bíonn fiabhras ina chúis taoma ag leanbhaín. Is féidir seo tarlú le fiabhras ar bith bíodh sé de dheasca ionfhabhtaithe nó na vacsaíne. Mar sin de tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat cad é ba chóir duit a dhéanamh sa chás go mbíonn fiabhras ar do leanbh. Cuimhnigh, is minice go dtarlaíonn fiabhras de dheacsa na n-aicidí ná de bharr na vacsaíní.

Coinnigh i gcuimhne, ná tabhair aspairín am ar bith do leanaí atá faoi 16 bliain d'aois.

An chóir leighis ar fhiabhras

1. Coinnigh do leanbh ón iomarca teasa agus:
   - déan cinnte nach mbíonn an iomarca brat éadaí nó blaincéad air;
   - déan cinnte nach mbíonn an seomra ina mbíonn sé rothe (níor chóir don seomra bheith fuar ach oiread, ach go deas fionnuar).
2. Tabhair neart deochanna fuara dó.
3. Tabhair paraicéiteamól linbh nó iobúpróifein leachtach (iarr an saghas atá saor ó shiúcra). Léigh an treoir ar an bhuidéal go cúramach agus tabhair an dáileog a oireann dá aois do do leanbh. Seans go mbeidh ort an dara dáileog a thabhairt dó fá cheann ceithre nó sé huaire ina dhiaidh sin.

Cuir fios ar an dochtúir láithreach:
- **má bhíonn teocht an-ard (39˚C nó níos mó) ag an leanbh**
- **nó má thagann taom air**

Má tá taom ar do leanbh, fág ar a thaobh é in áit shábháilte nó is baolach go bpreabfaidh nó go ngeitfidh chorp.

An dóigh an meiningíteas agus an tseipticéime a aithint

Tugann an vacsaín MenC agus an vacsaín Hib cosaint i gcoinne dhá chineáil mheiningítis agus seipticéime (nimhiú fola). Tá saghasanna eile ann nach bhfuil aon vacsaín ann mar chosaint orthu mar sin de tá sé tábhachtach go n-aithneofá na comharthaí agus na siomptóim.

Is féidir leis an mheiningíteas clúdach na hinchinne a chur ag at. Is féidir leis na frídíní céanna bheith mar chúis leis an tseipticéime chomh maith. Is féidir le leanbhán nó leanbh a bhfuil meiningíteas nó seipticéime air éirí an-tinn taobh istigh de roinnt uaireanta. Mura gcuirtear cóir leighis ar an othar is féidir leis bás a fháil ó cheachtar acu. Tá na siomptóim tosaigh a bhaineann le meiningíteas éadrom agus cosúil leis na cinn a bhaineann leis an slaghdán nó leis an ulpóg, is é sin go mbíonn ardú teochta ann (37.5ºC agus níos airde) bíonn an t-othar neamhshocair, ag caitheamh amach agus ag diúltú do bhia. Ba chóir duit bheith ar d'aire, áfach, le haghaidh cuid de na comharthaí is tábhachtaí mar atá:

I gcás na leanbhán

- glór géar;
- deacair a mhúscailt;
- teocht an-ard (39ºC agus níos airde);
- craiceann geal bán nó balscóideach;
- lámha agus cosa an-fhuara;
- spotaí nó breaca dearga nó corcra nach dtéann i léig nuair a bhrúitear iad (féach an grianghraf). Is féidir leo seo bheith ar bhall ar bith den chorp.

I gcás na leanaí atá níos sine

- muineál righin - an féidir leis an leanbh clár a éadain a chur lena ghlúin?
- codlatacht nó mearbhall;
- tinneas cinn atá go dona;
- fuath acu do shoilse geala;
- lámha agus cosa an-fhuara;
- spotaí dearga nó corcra nach n-imíonn nuair a bhrúitear iad (féach an griangraf). Is féidir leo seo bheith ar bhall ar bith den chorp.

Má bhrúitear timbléar gloine go láidir i gcoinne ghríos seipticéime ní imeoidh an gríos. Beidh tú ábalta an gríos a fheiceáil tríd an ghloine. Má tharlaíonn a leithéid faigh cabhair dochtúra láithreach bonn.

Níor chóir duit fanacht go dtagann na comharthaí seo uile. Má éiríonn do leanbh tinn agus aon cheann de na comharthaí tábhachtacha seo aige, gabh i dteagmháil le do dhochtúir láithreach bonn nó tabhair do leanbh chuig an roinn taismí agus éigeandála san ospidéal is cóngaraí duit.

Cá háit a bhfaighfidh mé a thuilleadh eolais?

Cuireann an Fhondúireacht Taighde Meiningítis agus an tIontaobhas Meiningítis araon eolas ar fáil maidir le meiningíteas.

- Cuir glaoch ar chabhairlíne 24 uair saor in aisce an Fhondúireacht Taighde Meiningítis ar 080 8800 3344 nó cur glaoch ar 028 9032 1283. Chomh maith leis sin is féidir leat cuairt a thabhairt ar an suíomh www.meningitis.org

- Cuir glaoch ar an chabhairlíne 24 uair atá ag an Iontaobhas Meiningítis ar 0845 6000 800 nó tabhair cuairt ar an suíomh ar www.meningitis-trust.org

Gnáthchlár imdhíontha na hóige

Aois le haghaidh imdhíontha	Na haicídí a dtugann an vacsaín cosaint orthu	Mar a thugtar é
2, 3 agus 4 mí d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis (triuch), polaimiailíteas agus Hib Meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin
Thart fá 15 mí d'aois	Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg	Instealladh amháin
3 go 5 bliain d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis (triuch) agus polaimiailíteas Bruitíneach, leicneach agus bruitíneach dhearg	Instealladh amháin Instealladh amháin
10 go 14 bliain d'aois (agus in amanna go gairid i ndiaidh na breithe)	Eitinn (vacsaín BCG)	Tástáil craicinn, agus instealladh amháin, más gá
14 go 18 bliain d'aois	Teiteanas, diftéire agus polaimiaiíteas	Instealladh amháin

Más amhlaidh nach bhfuair do leanbh riamh aon cheann de na vacsaíní seo níl sé rómhall in am ar bith iad a fháil. Déan coinne le do dhochtúir nó le do chuairteoir sláinte.

Má tá a thuilleadh eolais uait maidir le himdhíonadh tabhair cuairt ar shuíomh an DHSSPS www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó an suíomh náisiúnta imdhíonta www.immunisation.nhs.uk nó www.mmrthefacts.nhs.uk

Health Promotion Agency

Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

01/05

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.